Ranníocaíochtaí Pinsin

Sular tugadh Nua-Aoisiú ÍMAT isteach in 2019, níor gabhadh sonraí i ndáil le ranníocaíochtaí pinsin ag leibhéal fostaithe ach, ina áit sin, gabhadh sonraí ar an tuairisceán fostóra bliantúil (P35) ag an leibhéal comhiomlánaithe, is é sin iomlán na ranníocaíochtaí pinsin le chéile a ndearna fostaithe de chuid gach fostóir. Faoi Nua-Aoisiú ÍMAT anois, áfach, tuairiscítear sonraí do na Coimisinéirí Ioncaim ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe ag an leibhéal aonair, rud a chiallaíonn go bhféadtar anailís a dhéanamh ar an gcohórt cáiníocóra atá ag déanamh na ranníocaíochtaí seo.

Déantar taifead de na sonraí a dtuairiscítear do na Coimisinéirí Ioncaim faoi Nua-Aoisiú ÍMAT ag leibhéal aonair, ach seachas anailís ar shonraí i ndáil le Nua-Aoisiú ÍMAT, go ginearálta cuirtear sonraí ar fáil ag an leibhéal aonad cáiníocóra, is é sin leibhéal ina léirítear cáiníocóirí atá pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta a roghnaíonn bheith faoi mheasúnú comhpháirteach mar aonad amháin cáiníocóra. Déantar é seo leis an bhfíric a léiriú go ndéantar measúnú ar dhliteanas cáiníocóra ar ioncaim uile an aonaid le chéile, agus cuntas a thabhairt ar na faoisimh, asbhaintí agus creidmheasanna uile le chéile atá ar fáil. Dá bhrí sin, rinneadh sonraí ar ranníocaíochtaí pinsin fostaithe a réiteach ó bhonn aonair go dtí bonn aonad cáiníocóra.

Ag deireadh bliana cánach, féadann cáiníocóirí foinsí breise ioncaim agus/nó asbhaintí creidmheasanna agus faoisimh a éileamh ina dhiaidh sin trí Fhoirm 11 nó trí Fhoirm 12, a gcomhlánaítear ar bhonn aonad cáiníocóra. Áirítear leis seo an rogha ranníocaíochtaí breise pinsin a dhearbhú. Nuair a dhéantar amhlaidh, féadtar anailís a dhéanamh ar aonaid cáiníocóra atá ag déanamh ranníocaíochtaí pinsin, agus cuntas iomlán a thabhairt ar na hioncaim uile agus na ranníocaíochtaí pinsin uile a ndearnadh.

Tugtar anailís sa tábla thíos ar na cáiníocóirí seo le haghaidh na bliana 2020, briste síos de réir réimse an ioncaim chomhláin. Tá na suimeanna ioncaim chomhláin a úsáidtear go hiondúil le haghaidh anailís glan ó ranníocaíochtaí pinsin a dhéantar trí fhostaíocht. Don cheacht seo, cuireadh na ranníocaíochtaí pinsin a ndearnadh trí fhostaíocht chomh maith le hasbhaintí eile a ndearnadh trí fhostaíocht leis an ioncam comhlán chun ceangal níos cruinne a fháil idir aonad cáiníocóra agus réimse ioncaim chun críche anailíse ar ranníocaíochtaí pinsin agus an costas cánach lena mbaineann.

Níl sna figiúirí ach meastacháin agus féadfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú orthu.

Réimse an Ioncaim Chomhláin	Líon na nAonad Cáiníocóra	Ioncam Comhlán €m	Meánioncam €	Ranníocaíocht Phinsin	Meánranníocaíocht Pinsin €	Ranníocaíocht Phinsin mar Chéatadán den Ioncam Comhlán	Costas Cánach €m	Ráta Éifeachtach an Fhaoisimh (Costas Cánach mar Chéatadán de na Ranníocaíochtaí)	Cáin a Íocadh €m
0 10,000	10,900	59	5,385	2	210	4%	0	4%	0
10,000 20,000	24,700	388	15,690	10	415	3%	2	17%	3
20,000 30,000	58,400	1,502	25,725	47	800	3%	9	20%	79
30,000 40,000	99,300	3,508	35,325	128	1,285	4%	35	28%	297
40,000 50,000	109,900	4,929	44,845	203	1,845	4%	73	36%	588
50,000 60,000	91,500	5,019	54,850	222	2,430	4%	80	36%	705
60,000 70,000	79,800	5,181	64,920	244	3,055	5%	85	35%	788
70,000 80,000	66,900	5,002	74,765	238	3,565	5%	90	38%	808
80,000 90,000	52,500	4,452	84,810	219	4,180	5%	86	39%	769
90,000 100,000	41,400	3,930	94,920	201	4,860	5%	80	40%	715
100,000 110,000	32,500	3,409	104,905	181	5,560	5%	72	40%	656
110,000 120,000	25,400	2,913	114,675	162	6,365	6%	64	40%	590
120,000 130,000	19,900	2,484	124,825	141	7,060	6%	56	40%	527
130,000 140,000	15,400	2,080	135,035	120	7,825	6%	48	40%	460
140,000 150,000	12,300	1,776	144,355	107	8,725	6%	43	40%	407
150,000 160,000	9,800	1,519	155,040	93	9,450	6%	37	40%	360
160,000 170,000	7,600	1,259	165,605	78	10,310	6%	31	40%	307
170,000 180,000	6,100	1,062	174,175	65	10,590	6%	26	40%	266
180,000 190,000	4,900	900	183,605	57	11,630	6%	23	40%	230
190,000 200,000	4,100	790	192,595	49	11,885	6%	19	40%	207
200,000 210,000	3,300	668	202,505	42	12,705	6%	17	40%	178
210,000 220,000	2,700	574	212,630	35	12,990	6%	14	40%	156
220,000 230,000	2,300	524	227,645	33	14,415	6%	13	40%	144
230,000 240,000	2,000	463	231,575	29	14,305	6%	11	40%	129
240,000 250,000	1,700	418	246,020	26	15,475	6%	11	40%	118
Os cionn 250,000	16,500	7,007	424,680	322	19,500	5%	128	40%	2,232
Uile	**801,700**	**61,814**	**77,105**	**3,053**	**3,810**	**5%**	**1,154**	**38%**	**11,718**

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs